

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2005



Timpiste Thubaisteach

An tráthnóna an 23ú Bealtaine 2005 tharla timpiste thubaisteach do bhus scoile de chuid Bus Éireann a bhí ag taisteal ón Uaimh i gContae na Mí do Bhaile Chint.

Bhásaigh cúigear cailíní óga, Lisa Callan, Sinéad Ledwidge, Aimee McCabe, Claire McCluskey agus Deirdre Scanlon sa timpiste.

Is mór an fhulaingt a chruthaigh an timpiste do mhuintir na gcailíní agus dá gcairde, agus do na paisinéirí eile a bhí ar an mbus ag an am.

Déanann Bus Éireann comhbhrón ó chroí leis na daoine atá faoi mhéala agus táthar tiomanta leanúint ag cuidiú leis na daoine sin a raibh tionchar ag an tubaist orthu.

Clár

Athbhreithniú ar Oibríochtaí	3
Stiúrthóirí agus Eolas Eile	10
Tuarascáil na Stiúrthóirí	11
Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	14
Tuarascáil na nIníúchóirí	15
Príomh-Bheartais Chuntasaíochta	17
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	18
Clár Comhardaithe	19
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	20
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	21



Ba mhian le Bus Éireann aitheantas a thabhairt do Rialtas na hÉireann as maoiniú do mhórhionscadail faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 chomh maith le haitheantas a thabhairt do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

Príomh-ghrianghraf Clúdaigh: Busáras, Dublin

Grianghrafadóir: Mark McCall

Dearadh: firstimpression

Athbhreithniú ar Oibríochtaí


FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Barrachas de €3.5 milliún taifeadta, sroiceann ioncam €241 milliún don chéad uair

D'fheidhmigh Bus Éireann go láidir i 2005, ag léiriú an fháis leanúnaigh atá ar bun le blianta beaga anuas.

Taifeadadh barrachas de €3.5 milliún, chomh maith le fás san ioncam go dtí €241 milliún, suas ó €227 milliún i 2004.

D'fhás ioncam go leanúnach le blianta beaga anuas.



Tá feabhas tagtha ar fheidhmíocht Bus Éireann airgeadais na cuideachta ó 2002, nuair a thairfead sí cailteanais de €9.4m.

Baineadh amach an staid airgeadais brabúsach láidir atá faoi láthair aici trí rialúithe airgeadais láidre agus trí chleachtais oibre níos éifeachtúlaí a thabhairt isteach. Rinneadh sin ag tráth inar lean sí ag leathnú a raon seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta, fad a bhí uirthi tabhairt faoi fhadhb an bhrú tráchta, a bhíonn ag fás i gcónaí.

Leibhéal Fóirdheontais

Fuair Bus Éireann fóirdheontas ón Stát, mar íocaíocht ar a Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO), de €25.2 milliún i 2005. Tá sin ar cheann de na leibhéil deontais is ísle a tugadh do chuideachtaí bus poiblí Eorpacha. Ní chlúdaíonn an fóirdheontas an costas iomlán a bhaineann le seirbhísí sóisialta a sholáthar. Chuir Bus Éireann an gannchion ar fáil le €4.1 milliún dá chiste féin a tháinig ó ghníomhaíochtaí tráchtála eile.

D'aontaigh Bus Éireann agus an Roinn Iompair Meamram Tuisceana ar Leibhéal Seirbhíse agus Spriocanna do 2005 a raibh an leibhéal tacaíochta Stáit san áireamh ann. Sháraigh an chuideachta gach sprioc feidhmíochta ar fad a leagadh amach sa Mheamram sin.

Ranníocóir leis an Stáitchiste

Is ranníocóir ollmhór leis an Stáitchiste í an chuideachta freisin trí ranníocaíochtaí CBL, ÍMAT agus ÁSPC, ar fiú breis agus €25 milliún iad, a dhéanamh.

Fostóir Ollmhór

Is fostóir náisiúnta mór é Bus Éireann a bhfuil fórsa saothair iomlán de 2,758 aige.

Bíonn 1,700 soláthróir breise faoi chonradh sa Scéim Iompair Scoile. Cruthaíonn ár ngníomhaíochtaí gnó fostaíocht do dhaoine in earnálacha eile a chuireann seirbhísí agus ábhair ar fáil do Bhus Éireann.

FÓCAS AR CHUSTAIMÉIRÍ

Líon na gCustaiméirí suas go dtí 93 milliún don chéad uair riamh

D'fhás líon chustaiméirí Bhus Éireann go dtí 93 milliún don chéad uair riamh i 2005, ab ionann agus meán-ardú 3% ar sheirbhísí iomlána i gcomparáid le 2004. Taifeadadh arduithe feadh na cuideachta, ó sheirbhísí cathracha go dtí an Scéim Iompair Scoile.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí ar lean

Fás i dTuras Chustaiméirí

Bliain dar chríoch 31ú Nollaig			
	2005	2004	%
	Mílte	Mílte	Ardaithe
Turas chustaiméirí			
Seirbhísí cathracha cúige	21,574	21,070	2%
Seirbhísí sceidealta eile	27,467	26,693	3%
An Scéim Iompair Scoile	43,596	42,402	3%
Iomlán	92,637	90,165	3%

Léirítear an fás i dturas chustaiméirí i 2005 san ardú i gcileaméadair feithicle a d'oibrigh Bus Éireann i rith na tréimhse chéanna. Mar a thaispeántar sa tábla thíos, d'oibrigh an chuideachta 153.27 milliún cileaméadair feithicle san iomlán i 2005, ardú 8.8 milliun cileaméadair feithicle ar 2004.

	2005	2004	%
	Mílte	Mílte	Ardaithe
Cileaméadair Feithicle			
Seirbhísí cathracha cúige	8,236	8,027	3%
Seirbhísí eile - féin	83,074	77,551	7%
Seirbhísí eile - ar fhochoonradh	61,960	58,875	5%
Iomlán	153,270	144,453	6%

Fás Leanúnach Cúig Bliana i líon na gCustaiméirí


Le cúig bliana anuas, tá fás bainte amach ag Bus Éireann i líon na gcustaiméirí ar bhealaí achar fada agus coimiteara araon, i dteannta lena seirbhísí cathracha. Mhéadaigh turais chustaiméirí beagnach 16%, a taifeadh ar luasbhealaí agus ar bhealaí coimaitéara, agus mhéadaigh siad 8% ar sheirbhísí cathracha, ó 2001.

	2005	2001	Méadú	%
	Mílte	Mílte		Ardaithe
Turas Chustaiméirí				
Seirbhísí cathracha cúige	21,574	20,051	1,523	8%
Seirbhísí sceidealta eile	27,467	23,729	3,738	16%
An Scéim Iompair Scoile	43,596	43,610	-14	-0%
Iomlán	92,637	87,390	5,247	6%

Cileaméadair Feithicle

Seirbhísí cathracha cúige	8,236	7,593	643	8%
Seirbhísí eile - féin	83,074	70,457	12,617	18%
Seirbhísí eile - ar fhochoonradh	61,960	51,591	10,369	20%
Iomlán	153,270	129,641	23,629	18%


Graf ag léiriú turais chustaiméirí fhoriomlána



Athbhreithniú ar Oibríochtaí ar lean

Sástacht Custaiméirí ag Méadú go Leanúnach

Rinneadh an séú iniúchadh neamhspleách ar thiomantais a tugadh i gcairt chustaiméirí Bhus Éireann i 2005. Rinneadh suirbhé a d'iarr ar chustaiméirí a dtuairimí a thabhairt ar fheidhmíocht na cuideachta i gcoinne an raon tiomantas a tugadh sa chart chustaiméirí. Taifeadadh leibhéal sástachta 86% dá bharr, an toradh is airde ó thosaigh an t-iniúchadh bliantúil i 2000. Mar a léiríonn an tábla thíos mhéadaigh sástacht custaiméirí go leanúnach gach bliain.



Feabhsúcháin seirbhísí faoi threallús custaiméirí a tugadh isteach

Tugadh isteach go leor feabhsúcháin ar líon, raon, agus minicíocht na seirbhísí i 2005 ar sheirbhísí cathracha, comaitéara agus Luasbhealaí.

Aerfort na Sionna: Leathnú Seirbhísí

Tháinig uasghrádh ollmhór ar sheirbhísí Bhus Éireann isteach go hAerfort na Sionna agus amach as i bhfeidhm i Mí Iúil 2005, nuair a síneadh conair bus na Gaillimhe-Luimnigh-Chorcaí le go mbeadh an t-aerfort san áireamh ann.

Freastalaíonn 136 seirbhís bus laethúla ar an aerfort anois, ag tabhairt rochtain ar shuímh bheaga agus ag treisiú turasóireachta go suntasach.

Thiar Thuaidh: Rogha níos Leithne

Leathnaigh seirbhísí bus go dtí Iarthar Dhún na nGall agus uaidh i 2005 nuair a tugadh isteach comhsheirbhís cóiste idir Bus Éireann/McGeehans. Cuireann an comhoibriú raon leathan lánpháirtithe de sheirbhísí cónaisc ar fáil do chustaiméirí.

Baile Átha Cliath-Béal Feirste: Seirbhís gach Uair an Chloig anois, Seacht lá na Seachtaine

I gcomhar le Ulsterbus, tugadh isteach seirbhís nua gach uair an chloig idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste i Mí na Nollag, 2005. Oibríonn an tseirbhís ó 0600 go dtí 2100 seacht lá na seachtaine agus freastalaíonn sí ar Aerfort Bhaile Átha Cliath freisin. Cuireadh síneadh leis na seirbhísí Leitir Ceanainn/Baile Átha Cliath agus Doire/Baile Átha Cliath i rith na bliana freisin chun freastal ar Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Limistéar Comaitéara Bhaile Átha Cliath: Tuilleadh busanna, tuilleadh seirbhísí

Cuireadh le seirbhísí comaitéara i limistéar ginearálta Bhaile Átha Cliath i 2005 chun freastal ar an éileamh a bhí ag fás, le feithiclí breise curtha ar fáil ag buaic-amanna lena chinntiú go n-íomprófar gach custaiméir.

I mBaile Brigín, tá custaiméirí ag baint leasa as an tseirbhís Baile tiomanta nua a tugadh isteach i Mí na Nollag, 2005. Tá an tseirbhís dírithe ar rochtain a chur ar fáil idir an líon ceantar cónaithe atá ag fás agus lár an bhaile agus an stáisiún iarnróid.

Limistéir Chomaitéara Chorcaí agus Luimnigh: Ag Fás leis an gCathair

Cuireadh le seirbhísí comaitéara i gCorcaigh nuair a soláthraíodh deich seirbhís bhreise in aghaidh an lae ar bhealach Bhealach an Chollaigh agus feabhsaíodh seirbhísí cathracha i Luimneach nuair a tugadh isteach minicíochtaí feabhsaithe ar bhealach an Ráithín agus ar bhealach Ollscoil Luimnigh (gach 10 nóiméad agus gach 15 nóiméad faoi seach).

Athbhreithniú ar Oibríochtaí ar lean

Nightrider: tuilleadh bealaí, tuilleadh buntáistí

Rinneadh leathnú i 2005 ar Nightrider, seirbhís Bhus Éireann déanach san oíche, chun freastal ar dhá cheann scríbe nua, is iad sin Cill Mhantáin agus An Bóthar Buí. Ina theannta sin tá seirbhísí déanach san oíche go dtí Baile Brigín, Droichead Átha, Dún Seachlainn, an Uaimh, an Nás, An Droichead Nua agus Claonadh agus uathu.

D'fhás an líon custaiméirí go suntasach ó tugadh isteach an tseirbhís. Síneadh an tseirbhís le hoibriú sé oíche in aghaidh na seachtaine do thréimhse na Nollag, ag teacht leis an éileamh ar sheirbhísí.

Tionscnaimh Táillí Ráthúla

Reáchtáladh roinnt tionscnamh táillí tarraingteach i 2005. Bhí tionscnamh táillí náisiúnta €10 ráthúil ar siúl i Mí Feabhra agus ina dhiaidh sin bhí tairiscintí taistil ann ar bhealaí Bhaile Átha Cliath/Bhéal Feirste, Bhaile Átha Cliath/Dhroichead Átha, Bhaile Átha Cliath/Chorcaigh agus Bhaile Átha Cliath/Luimneach.

Lean an tionscnamh táillí idirlín ar aghaidh, rud a thugann deis do chustaiméirí 10% a shábháil ar thicéid a cheannaítear ar líne.

Bainistiú Iompair i gcomhair Ócáidí Speisialta

Longa Arda

Bhronn Comhairle Chathrach Phort Láirge an Conradh ar Bhus Éireann chun saoráid Park & Ride a oibriú d'Ócáid na Long Ard i Mí Iúil. Bhí 100 feithicil páirteach san oibríocht agus iompraíodh breis agus ceathrú milliún duine go sábháilte agus go héifeachtúil. Thug An Chomhairle Chathrach, ceannairí gnó agus an pobal a bhí ag taisteal ardmholadh maidir le gluaiseacht réidh na seirbhíse.

Corn Ryder

I Mí na Nollag 2005 fuair Bus Éireann conradh eisiach ar fiú €1.3 milliún é chun iompar agus loighistic a bhainistiú do Chorn Ryder, a bheidh ar siúl in Éirinn i mí Meán Fómhair 2006. Déanfaidh Bus Éireann maoirseacht ar iompar a sholáthar do 40,000 cuairteoir chuig an láithreán ag an K Club gach lá den ócáid.

Bearta Tosaíochta Bus

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le bearta tosaíochta bus a fhorbairt i gCorcaigh i 2005. Forbraíodh ceithre lán bus sa chathair, le níos mó beartaithe, rud a lean as an tionscnamh 'Bealaí Glasa' idir Comhairle Chathrach Chorcaí agus Bus Éireann. Tugadh isteach dhá Bhealach Glas i 2005: seirbhís Uimh. 6 An Ghráinseach/Frankfield – An Chathair agus seirbhís Uimh. 8 Chorraichín – An Chathair.

Thug na bearta tosaíochta bus sin cúnamh maidir le hiontaofacht na seirbhíse a choinneáil. Cuireadh tús le tógáil ar dhá bhealach breise: seirbhís Uimh. 8 Baile na mBocht- An Chathair agus an tseirbhís Aerfort Chorcaí – An Chathair. Tá siad sin le críochnú i 2006.

Cuirtear fáilte mhór roimh thionscnaimh ar nós na Bealaí Glasa, a mhaoiníonn an Roinn Iompair faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, agus tá an chuideachta ag súil le tuilleadh forbartha sa réimse sin.

Dul chun cinn sa Teicneolaíocht

Tá an méid ama a chaitheann daoine i scuaine ag fanacht ar thicéid laghdaithe go mór ag na meaisíní Díola Ticéad nua a tugadh isteach i mBusáras i 2005. Measann custaiméirí go bhfuil siad éasca agus tapa le hoibriú agus cuireann siad an raon iomlán ticéad ar fáil. Beidh na meaisíní á leathadh amach i ngach suíomh mór i 2006.

Stáisiúin Inrochtaine do Chustaiméirí

Tugadh faoi obair athchóirithe ag raon stáisiún bus i 2005, chun rochtain a fheabhsú do chustaiméirí a bhfuil bac gluaiseachta ag gabháil dóibh. Mhaoinigh Rialtas na hÉireann na tionscadail sin faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Is iad na stáisiúin a bhain leas as na dTionscadail Inrochtana ná Busáras, stáisiún bus Phlás Pharnell i gCorcaigh, Trá Lí agus an Cabhán.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí ar lean

IOMPAR SCOILE

I 2005, d'oibrigh Bus Éireann go dian leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus leis an Roinn Iompair maidir leis an raon tionscnamh seo a leanas chun cáilíocht agus sábháilteacht na Scéime Iompair Scoile a fheabhsú:

- Athbhreithniú ollmhór ar líonra na Scéime Iompair Scoile náisiúnta a d'éascaigh deireadh a chur leis na socrúithe suí 'triúr daltaí i suíochán do bheirt daoine fásta' do gach dalta dara leibhéal faoi mhí na Nollag 2005. Tíocfaidh deireadh leis an socrú 'triúr i suíochán do bheirt' do gach dalta bunscoile faoi mhí na Nollag 2006. Tá an próiseas sin chun cinn ar an scéideal faoi láthair agus déantar cóiríocht d'fhormhór na ndaltaí go léir ar bhonn 'duine amháin i suíochán amháin'.
- Ó mhí Mheán Fómhair 2005, sa chás go bhfuil criosanna sábháilteachta ar bhusanna cheana, tá socrú á dhéanamh do dhaltaí ar bhonn 'duine amháin i suíochán amháin' mar réiteach don cheanglas éigeantach go mbeidh ar phaisinéirí criosanna sábháilteachta a chaitheamh nuair a bhíonn siad ar fáil. Tá an riachtanas sin le teacht i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2006.
- Bhí sé riachtanach, chun na suíocháin bhreise a chur ar fáil le go gcomhlíonfar na spriocanna thuas, feithiclí breise a fháil agus a fháil ar cíós chun leathnú an fhlíit Iompair Scoile a éascú. Fuarthas os cionn 220 feithicil ó chonraitheoirí breise ar cíós do sheirbhísí iompair scoile ó thús na scoilbhliana 2005 chun na críche sin. Tá Bus Éireann ag tabhairt isteach feithiclí breise chuig flít busanna scoile Bhus Éireann ar bhonn leanúnach freisin chun an riachtanas sin a chomhlíonadh.
- Ag teacht le beartas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus na Roinne Iompair, tá sé mar sprioc criosanna cromáin a shuíomh go siarghabhálach ar gach suíochán i bhflít busanna scoile Bhus Éireann faoi mhí Mheán Fómhair 2006, próiseas atá ar siúl faoi láthair. Beidh ar gach bus príobháideach a chuireann seirbhísí ar fáil faoin Scéim Iompair Scoile criosanna sábháilteachta a shuiteáil mar choinníoll do chonradh a bhronnadh don Scoilbhliain 2006/2007. Meastar go mbeidh an próiseas sin críochnaithe faoi dheireadh mhí na Nollag 2006.
- Rinneadh forbairt leanúnach ar fhréamhshamhail do Chóras Solas Preabach Rabhaidh do bhusanna scoile. Tá an tráth sula dtéann leanaí ar bord an bhus scoile nó tar éis dóibh tuirlingt ón mbus aitheanta mar an t-am is mó a d'fhéadfadh baol a bheith ann do shábháilteacht leanaí scoile a mbíonn iompar á úsáid acu. Tá sé beartaithe go gcuirfeadh an córas sin le sábháilteacht leanaí i rith na tréimhse rithábhachtaí sin dá dturas chun na scoile agus uaithi trína chur in iúl go soiléir do thiománaithe nuair a bhíonn leanaí cóngarach don bhus trí chóras solas preabach a úsáid, agus gur chóir dóibh a bheith ar an airdeall agus iad ag teacht gar don bhus. Tá na himpleachtaí a bhaineann leis an gcóras a leathadh amach go náisiúnta á mbreithniú, chomh maith leis na bearta gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith riachtanach le tabhairt isteach chun an toradh inmhianta a bhaint amach.
- Thug Bus Éireann isteach tuairim agus 169 seirbhís iompair scoile nua i 2005 (go príomha seirbhísí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta ag gabháil dóibh chomh maith le seirbhísí nua chun freastal ar an líon Gaelscoileanna agus scoileanna 'Educate-Together' atá ag fás).
- Tugadh isteach 21 feithicil bhreise a bhfuil rochtain ag cathaoireacha rotha orthu san Fhlít Iompair Scoile.

NA hOIBRÍOCHTAÍ A FHEABHSÚ

Sábháilteacht agus Bainistiú Riosca

Tá sábháilteacht ár gcustaiméirí agus ár bhfoireann rithábhachtach do Bhus Éireann. Tá na bainisteoirí ag leanúint le cultúr sábháilteachta a threisiú ar fud na cuideachta. Lean an chuideachta ag infheistiú in Ardoiliúint Tiománaithe i 2005.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí ar lean

Feabhsúcháin Mhóra ar Stáisiún Bus

Rinneadh go leor infheistíochta i rith na bliana, i ndáil le stáisiún bus agus saoráidí custaiméirí a fheabhsú.

Corcaigh

I mí Eanáir 2005, nochtadh stáisiún bus Phlás Parnell i ndiaidh €4 mhilliún a chaitheamh ar a athfhorbhairt. Bronnadh gradam ar an stáisiún bus i gcatagóir Rogha an Mhóltóra de chuid *Cork City Centre Better Building Awards 2005*.

Béal an Átha agus Sligeach

Cuireadh tionscadail athchóirithe eile i gcrích i mBéal an Átha agus i Sligeach agus nochtadh iad i 2005. Dearadh an dá thionscadal chun inrochtaine a fheabhsú agus ba é an Plean Forbartha Náisiúnta a mhaoinigh iad.

Busáras

Cuireadh an chéad chéim den mhórobair athchóirithe ar Bhusáras i mBaile Átha Cliath i gcrích i mí na Bealtaine. Rinneadh saoráidí custaiméirí a uasghrádú trí chórais leictreonacha taispeána eolais, measíní díola ticéad agus doirse uathoibríocha a thabhairt isteach. Cuireadh feabhas suntasach ar thimpeallacht fhoriomlán agus ar dhreach an stáisiúin freisin.

Trá Lí

Cuireadh tús le stáisiún bus nua €1.8 milliún a thógáil ag Stáisiún Bus/Iarnróid Thrá Lí san Fhómhar i 2005. Is saoráid nua agus nua-ainmseartha a bheidh san fhoirgneamh a mbeidh rochtain iomlán air. Tá sé beartaithe go mbeidh an tionscadal, atá maoinithe ag an bPlean Forbartha Náisiúnta, curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana 2006.

An Cabhán

Chuathas i mbun obair athchóirithe freisin i 2005 chun inrochtaine Stáisiún Bus an Chabháin a fheabhsú. Chosain an tionscadal sin €370,000.

Uasghrádú Flít

Infheistíodh €7.3 milliún i bhfeabhsúcháin flít i rith na bliana nuair a ceannaíodh 30 cóiste Scania nua-ainmseartha. Soláthraíodh 18 cóiste le feidhmiú i bhflít CIÉ Tours, agus bhí an chuid eile acu leithroinnte ar sheirbhísí achar fada.

Tranglam Tráchta agus Infrastruchtúr

Tá droch thionchar fós ag tranglam tráchta ar iontaofacht sheirbhísí Bhus Éireann, ag buaic-amanna ach go háirithe. Rinne sainchomhairleoirí BDO Simpson Xavier staidéar neamhspleách a léirigh gur chosain tranglam €20.5 milliún ar an gcuideachta i 2005. Bhí sin mar thoradh ar shruthanna tráchta atá i bhfad níos measa ná aon tír eile san Eoraip.

Tá Bus Éireann ag tacú le fada le lánáil bus agus bearta comhchosúla a thabhairt isteach i gcathracha lasmuigh de Bhaile Átha Cliath chun aghaidh a thabhairt ar thranglam tráchta. Ní bheidh na turais chomh fada más féidir spás a fhágáil saor d'iompar poiblí, agus ansin beidh tóir níos mó ar iompar poiblí. Laghdófar líon na gcarranna príobháideacha a bheidh ar an mbóthar mar thoradh air sin, rud a fheabhsóidh coinníollacha ginearálta tráchta agus a laghdóidh astuithe.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí ar lean

D'éirigh go maith le Bus Éireann agus iad ag déileáil le bainisteoirí na n-údarás áitiúil i gCorcaigh agus i nGaillimh chun lánaí bus a phleanáil agus a chur ar aghaidh. Tá an poitínseal chun guailí crua a oscailt suas agus iad a úsáid mar lánaí bus nuair is féidir curtha chun cinn ag an gcuideachta.

Mar sin féin, tá gá leanúnach ann feabhsúcháin infrastruchtúir níos leithne agus bearta tosaíochta bus a chur i bhfeidhm ionas go bhféadfaidh custaiméirí leas iomlán a bhaint as an infheistíocht a dhéantar i réimsí cosúil leis an bhflit agus saoráidí.

Íocaíochtaí le Fochonraitheoirí

D'íoc an chuideachta breis agus €80.1 milliún le fochonraitheoirí i 2005.

Tagraíonn an méid sin do chostas cíosa busanna agus cothabháil sheachtrach busanna.

INFHEISTIÚ I nDAOINE

Oiliúint agus forbairt foirne

Lean Bus Éireann leis an mbéim láidir a chuireann sé ar fhorbairt foirne i 2005. Leanadh leis an oiliúint athnuachana tiománaithe ar chaighdeán na hInstitiúide Ardtiománaithe, a threisigh beartas na cuideachta maidir le tiomáint shábháilte agus timpistí a chosc.

Cuireadh an ceathrú céim den Chlar Oiliúna i bhFeasacht Mhíchumais i gcrích i 2005. Is ionann an clár agus an clár oiliúna aonair is mó a seachadadh laistigh de Bhus Éireann, le breis agus 4,500 duine, idir fhoireann lánaimseartha, thiománaithe busanna scoile páirtaimseartha agus chonraitheoirí busanna scoile rannpháirteach ann.

Dámhadh Teastasú an Scoth Trí Dhaoine de chuid FÁS arís ar Limistéar Chorcaí agus, í ag leanúint le tacaíocht a thabhairt dá fostaithe, sheol an chuideachta Clár Folláine Fostaithe, clár a chuireann seirbhís chomhchomhairle sheachtrach agus faoi rún ar fáil. Thug Bus Éireann beartas agus nós imeachta athbhreithnithe isteach ar bhulaíocht agus ciapadh san áit oibre do na fostaithe ar fad.

Stiúrthóirí agus Eolas Eile

Stiúrthóirí amhail an 27ú Márta 2006

Cathaoirleach	An Dr. J.J. Lynch
Stiúrthóirí	T. Honan, Uasal An tUasal J. Byrne K. Byrne, Uasal An tUasal J. Hegarty An tUasal R. Langford An tUasal B. McCamley An tUasal J. Moloney
Príomhfheidhmeannach	An tUasal T. Hayes
Rúnaí	An tUasal M. Nolan
Oifig Chláraithe	Cloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.
Teileafón	00 353 1 703 3447
Faics	00 353 1 886 0525
Láithreán Gréasáin	www.buseireann.ie
Uimhir Chláraithe	119570
Iniúchóirí	PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig, 2005

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair faoi réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2005 de chuid na hÉireann agus faoin Acht Iompair (Córas Iompar Éireann a Atheagrú) 1986. Ullmhaíodh cuntais na cuideachta agus na nótaí a bhaineann leo, atá mar chuid de na cuntais agus atá san áireamh sa tuarascáil seo, roimh ré faoi réir caighdeán cuntasaoíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is cuideachta bhainistithe iompair é Bus Éireann, arb iad a príomh-ghníomhaíochtaí ná bainistiú agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán lánpháirtithe seirbhísí, ag baint úsáide as a cuid acmhainní féin agus as acmhainní fochonraitheora. Clúdaíonn an gréasán lánpháirtithe sin seirbhísí cóistí achar fada, agus seirbhísí busanna áitiúla, tuaithe, coimistéara, cathracha cúige agus bailte móra cúige. Tá an chuideachta freagrach freisin as bainistiú agus soláthar na scéime náisiúnta iompair scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Thaifead an Chuideachta barrachas foriomlán tar éis fócaíocht de €3.53 milliún i leith Oibleagáide na Seirbhíse Poiblí a dhéanamh.

Mhéadaigh Bus Éireann líon na gcustaiméirí i 2005, le líon de 93 milliún turais phaisinéirí a thaifead i rith na bliana, nár baineadh amach cheana. Bhí arduithe i líon turas paisinéirí le sonrú tríd an gCuideachta, ó sheirbhísí cathrach go dtí an Scéim Iompair Scoile.

D'ardaigh láimhdeachas €14.8 milliún go €241.3 milliún i mbliain crua trádála ina raibh an iomaíocht méadaithe i ndáil leis na gnéithe is brabúsaí den ghréasán. Tháinig ardú 4.4% ar phárolla agus costais ghaolmhara i rith na bliana ag

teacht leis an ardú sa chomhaontú náisiúnta pá agus ardú i gcostais phinsin fostóirí.

D'ardaigh costais ábhar agus seirbhísí go príomha mar thoradh ar chostais bhreosla agus ar chostais ardaithe conraitheoirí.

Infheistíodh €7.3 milliún i bhfeabhsúcháin flít i rith na bliana, nuair a ceannaíodh 30 cóiste Scania nua-aimseartha. Fuarthas 18 cóiste le hoibriú ar fhflít Clé Tours, agus sannadh an chuid eile ar sheirbhísí achar fada.

Tá an Chuideachta ag leanúint lena fócas láidir ar chaighdeán agus ar éifeachtúlacht a seirbhísí a fheabhsú do gach custaiméir. Agus feidhmíocht na Cuideachta á maoirsiú, athbhreithníonn na bainisteoirí agus stiúrthóirí na Cuideachta raon de phríomhtháscairí feidhmíochta oibríochtúla agus airgeadais, go rialta.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na Cuideachta don bhliain san Athbhreithniú oibríochtaí ar leathanaigh 3 go dtí 9.

Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31ú Nollaig, 2005 leagtha amach go sonrath ar leathanaigh 17 go dtí 30. Taispeánann na torthaí don bhliain dar críoch 31ú Nollaig, 2005 barrachas de €3,525,000 (2004 - barrachas €5,776,000).

Rialú Inmheánach agus Bainistiú Riosca

Tá Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta i bhfeidhm ag Bord Bhus Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar chuntais bhliantúla, rialuithe inmheánacha agus ar chúrsaí comhlíonta, ar éifeachtacht iniúchta inmheánach agus seachtrach agus ar bhainistiú riosca. Cothabhálann an chuideachta clár riosca agus déantar uasghrádú air ar bhonn leanúnach le go ndéanfaidh na stiúrthóirí agus an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú air.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Rannpháirtíocht Fostaithe

I 2005, tionóladh fiche cruinniú de chomhairlí áitiúla fostaithe ag láithreacha na cuideachta ar fud na tíre.

Tionóladh cruinniú den Ardghrúpa, comhdhéanta de na Ceannairí Feidhme, na hOifigigh Cheardchumainn Náisiúnta lánaimseartha, na Stiúrthóirí Oibrithe agus ionadaí amháin ó gach chomhairle áitiúil i rith na bliana.

Ó tosaíodh an Scéim do Chomhpháirtíocht Fiontraíochta i 2003, is fóram í atá thar a bheith fiúntach chun eolas a mhalartú idir an bhainistíocht agus daoine den fhoireann maidir le moltaí agus tograí d'fhorbairt ghnó agus maidir le saincheistanna eile lena mbaineann buntáistí do chách. Chuidigh na comhairlí áitiúla go praiticiúil leis an bpróiseas comhpháirtíochta.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta chun folláine a fostaithe a chinntiú trí áit oibre shábháilte a chothabháil agus tríd an reachtaíocht fostaíochta iomchuí a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Bhí cruinnithe ag coiste comhairleach sábháilteachta Bhus Éireann, a bunaíodh ag leibhéal fo-bhoird i 2004, ar roinnt ócáidí i rith na bliana. Déanann an grúpa monatóireacht ar shábháilteacht na cuideachta i gcoinne plean sábháilteachta bliantúil agus molann an méid is mó rannpháirtíochta agus is féidir maidir le feasacht sábháilteachta agus timpistí a chosc sa chuideachta.

Rialachán CE 2002 (Íocaíocht Mhall)

Admhaíonn na stiúrthóirí a bhfreagracht maidir lena chinntiú, i ngach gné ábhartha, go gcomhlíonfar forálacha Rialachán CE (íocaíocht mhall) 2002. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí ar fad ar a mbíonn sonraisc dlite a íoc a aithint agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí sin. Cuireann nósanna imeachta mar sin dearbhú réasúnach ar fáil i gcoinne neamh-chomhlíonadh ábhartha maidir leis na rialacháin.

Comhionannas agus Éagsúlacht

I mbliana, sheol Bus Éireann a bhearta agus nósanna imeachta nua maidir le bulaíocht agus ciapadh - *Dignity & Respect at Work* in Bus Éireann. Fuair gach fostaí còip den leabhrán nua agus bhí feachtas fairsing postaer ar bun ag fógairt seoladh an leabhráin agus an fáil atá air.

Is príomhghníomhaíocht den fheidhm Chomhionannais agus Éagsúlachta é a chinntiú go mbunófar próisis Acmhainní Daonna atá neamhchlaonta, cothrom agus trédhearcach. I 2005 rinneadh cinneadh tús a chur le tionscadal phróifíliú rólanna i mBus Éireann. Cinnteoidh próifíliú rólanna go mbeidh próisis déanta cinntí Acmhainní Daonna dírithe ar chritéir neamhchlaonta agus cuirfidh siad uirlis lánpháirtithe agus trédhearcach ar fáil do Bhainistíocht Acmhainní Daonna Bhus Éireann. Cuireadh oiliúint ar gach duine den fhoireann Acmhainní Daonna maidir le próifíliú rólanna a fhorbairt i gcrích i 2005.

Chun tacaíocht a thabhairt do phróifíliú éagsúil paisinéirí agus fostaithe atá ag fás agus chun aitheantas a thabhairt do Sheachtain Náisiúnta Frithchíochais san Áit Oibre, thug Bus Éireann faoi fheachtas ardaithe feasachta frithchíochais.

Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a ghlac na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chuí a choinneáil ná úsáid a bhaint as nósanna imeachta agus córais chuí agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais ag Bus Éireann, Cloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Stiúrthóirí

Ceapann cathaoirleach Chóras Iompair Éireann le toiliú an Aire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá na stiúrthóirí don bhliain dar críoch an 31u Nollaig, 2005 leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach
(Athcheaptha 27ú Bealtaine, 2005)

An tUasal J. Byrne (Ceaptha 23ú Meán Fómhair, 2005)

K. Byrne, Uasal (Athcheaptha 27ú Bealtaine 2005)

An tUasal G. Charles (Chuaigh ar scor 30ú Samhain, 2005)

An tUasal P. Cullen (Chuaigh ar scor 30ú Samhain, 2005)

An tUasal J. Hegarty (Athcheaptha 29ú Márta, 2005)

T. Honan, Uasal (Athcheaptha 9ú Feabhra, 2005)

An tUasal R. Langford (Athcheaptha 29ú Aibreán, 2005)

A.M. Mannix, Uasal (Chuaigh ar scor 30ú Samhain, 2005)

An tUasal J. Moloney (Ceaptha 1ú Eanáir, 2006)

An tUasal B. Mc Camley (Ceaptha 1ú Eanáir, 2006)

Ní raibh aon leas in aon scaireanna nó bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí nó ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

Cód Cleachtais do Rialálachas Comhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí na mbeartas agus nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis don Chód Cleachtais do Rialálachas Comhlachtaí Stáit a bheith foilsithe leagtha amach i gcontas ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

An Príomhfheidhmeannach

Tháinig an tUasal Tim Hayes i gcomharbacht mar Phríomhfheidhmeannach gníomhach ar an Uasal Bill Lilley a chuaigh ar scor ón gcuideachta in Aibreán 2005 agus ceapadh é an ina Phríomhfheidhmeannach i mí na Nollag 2005.

Thar ceann an bhoird

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach

An tUasal R. Langford, Stiúrthóir

27ú Márta, 2006

Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thabharfaidh léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus an barrachas nó easnamh don bhliain sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chúí a choinneáil a thugann le fios le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus go gcomhlíonann siad Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2005 de chuid na hÉireann. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus aon mhírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tuarascáil na nIníúcháirí

Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Bhus Éireann – Irish Bus

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 17 go dtí 30.

Freagrachtaí faoi seach na Stiúrthóirí agus na nIníúcháirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí chun tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme na hÉireann agus na gcaighdeán cuntasáiochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn leagtha amach ar leathanach 14 i ráiteas de fhreagrachtaí na stiúrthóirí.

Is é ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas iomchuí dlíthiúil agus rialaitheach agus de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Tá an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsan amháin, mar chomhlacht de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus ar an gcúis sin amháin. Ní ghlacaimid, i dtabhairt na tuairime seo, freagracht ar aon chúis eile nó chuig aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sí a bheith ina lámha ach amháin sa chás go mbíonn sé comhaontaithe go sonrach lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscimid duitse ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus cibé an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2005. Luaimid cibé an bhfuairéamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta agus cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais. Tuairiscimid duit freisin ár dtuairim maidir le:

- cibé an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeáda ag an gcuideachta;
- cibé an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- cibé ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite i gclár comhardaithe na cuideachta, níos mó ná leath a scairchaipiteal glaoite.

Tuairiscimid freisin duitse, más rud é, inár dtuairim, nach nochtáitear faisnéis atá sonraithe le dlí i ndáil le luach saothair stiúrthóirí agus idirbheartaíochtaí.

Bunús Tuairim na hIníúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire), arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtas Iniúcháireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Bíonn measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais i gceist chomh maith, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasáiochta chuí d'imthosca na cuideachta, an bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochtáitear go dóthanach iad.

Phleanálar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó aon neamhrialtachta eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuarascáil na nIníúcháirí ar lean

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31ú Nollaig, 2005 agus ar a barrachas agus sreabhadh airgid don bhliain dar críoch amhlaidh agus gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2005.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críoche ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim, go bhfuil leabhair chuntais chúí coimeáda ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 11 go dtí 13 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe ar leathanach 19, níos mó ná leath méid a scairchaipitil ghlaite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh aon staid airgeadais ann ag an 31ú Nollaig, 2005, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, a d'éileodh go dtionólfáí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta.

PricewaterhouseCoopers,

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe,
Baile Átha Cliath.

27ú Márta, 2006

- (a) Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine láithreán gréasáin Chóras Iompair Éireann; ní bhaineann breithniú ar na nithe sin leis an obair a dhéanann na hiniúcháirí agus, dá réir, ní ghlacann na hiniúcháirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh tarlú do na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair ar dtús ar an láithreán gréasáin iad.
- (b) D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialáionn ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas atá na beartais chuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

(A) Bunús Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2005. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta in Éirinn leo maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ná na caighdeáin sin atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

(B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag na costais stairiúla lúide dímheas carnaithe bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is mar seo a leanas an bunús chun dímheas a ríomh:

(i) Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar costais stairiúla na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, a dhímheas thar a bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh ar bhonn céatadáin ag laghdú ach a léiríonn úsáid na feithiclé trína fad saoil. Déantar costais stairiúla na mbusanna scoile a dhímheas i dtráthchodanna comhionanna bliantúla i rith a bhfad saoil úsáidigh ionchasaigh.

(ii) Gléasra agus Innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

(C) Sócmhainní Léasaithe

Léasanna Oibríochta

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríochta a chur chun dochair don chuntas bhrabúis agus cailteanais de réir mar a fhabhraíonn siad.

(D) Stoic

Stoic ábhar agus páirteanna spárála a luacháil ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe.

Déantar stoic a bhfuil a fhios iad a bheith críon ag dáta an chláir chomhardaithe a dhíscríobh, agus foráiltear do stoic a d'fhéadfadh a bheith críon amach anseo.

(E) Íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Deontais

(i) Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le híocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a fuarthas i rith na bliana sa chuntas brabúis agus cailteanais.

(ii) Deontais ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste

Déantar deontais ón Aontas Eorpach (AE) agus ón státchiste a bhaineann le caiteachas caipitiúil a chur do shochar ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna de réir mar a dhéantar sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(F) Airgeadra Coigríche

Déantar idirbheartaíochtaí a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na hidirbheartaíochta, nó ag rátaí conartha i gcás go mbíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó cailteanais malartaithe réadaithe a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an ráta malarthaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha más infheidhme.

(G) Pinsin

Cuirtear costas ionchasach a bhaineann le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochar don chuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a thabhaítear é i rith tréimhse fostaíochta fhostaithe inphinsin. Déantar an costas a ríomh, le sochar comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaitheint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchasacha seirbhíse fanta de chuid comhaltaí na scéime.

Foráiltear do chostas caipitil na bpinsean forlíontach agus cuirtear chun dochar don chuntas brabúis agus cailteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

Cuntas Brabúis agus Cailteanais

Bliain dar críoch 31ú Nollaig	Nótaí	2005	2004
		€000	€000
Ioncam		241,290	226,537
Costais			
Párolla agus costais ghaolmhara	1	(113,642)	(108,897)
Ábhair agus seirbhísí	2	(138,241)	(126,713)
Dímheas agus cailteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	3	(11,773)	(9,843)
Iomlán na gcostas oibríochta		(263,656)	(245,453)
Easnamh roimh ús agus íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí		(22,366)	(18,916)
Ús infhaighteach		691	693
Easnamh roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí		(21,675)	(18,223)
Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	20	25,200	23,999
Barrachas don bhliain tar éis íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí		3,525	5,776
Easnamh carntha ag tús na bliana		(4,849)	(10,625)
Easnamh carntha ag deireadh na bliana		(1,324)	(4,849)

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Thar ceann an bhoird

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach

An tUasal R. Langford, Stiúrthóir

Clár Comhardaithe

Amhail an 31ú Nollaig	Nótaí	2005 €000	2004 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	4	79,873	81,059
Sócmhainní reatha			
Stoic	5	4,446	4,410
Féichiúnaithe	6	52,608	43,780
Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh		1,180	159
		58,234	48,349
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	7	(38,568)	(37,330)
Glansócmhainní reatha		19,666	11,019
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		99,539	92,078
Soláthar le haghaidh dliteanais agus muirir	8	(43,197)	(38,518)
Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis bliana amháin)	7(b)	(500)	(1,000)
Ioncam larchurtha	9	(21,010)	(21,253)
		34,832	31,307
Arna mhaoiniú ag:			
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	10	29,204	29,204
Cúlchiste athsholáthar sócmhainní	11	6,952	6,952
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		(1,324)	(4,849)
Cistí scairshealbhóirí	12	34,832	31,307

Thar ceann an bhoird

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach

An tUasal R. Langford, Stiúrthóir

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Bliain dar críoch 31ú Nollaig	Nótaí	2005	2004
		€000	€000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	13(a)	21,286	21,941
Toradh ar infheistíocht agus fónamh airgeadais			
Ús infhaighte		691	693
		21,977	22,634
Caiteachas Caipitiúil			
Breiseanna ar shócmhainní inlámhsithe	4	(14,569)	(21,257)
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní inlámhsithe		28	17
Deontais chaipitil a fuarthas		3,824	2,984
		(10,717)	(18,256)
Insreabhadh roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadú		11,260	4,378
Bainistiú acmhainní leachtacha			
Gluaiseacht i méideanna atá dlite de chuideachta shealbhaíochta	13(b)	(9,224)	(5,815)
Méadú/(laghdú) in airgead tirim	13(b)	2,036	(1,437)
Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite den chuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach mbíonn riachtanach láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, agus a bheidh inaisíoctha ar a éileamh.			
Réiteach an ghlanshreabhaidh airgid le gluaiseacht i nglanchistí			
Méadú/(laghdú) in airgead sa bhliain		2,036	(1,437)
Airgead ó athrú in acmhainní leachtacha		9,224	5,815
Gluaiseacht i nglanchistí		11,260	4,378
Glanchistí amhail an 1ú Eanáir		29,122	24,744
Glanchistí amhail an 31ú Nollaig		40,382	29,122

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

	2005	2004
	€000	€000
1 PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA		
Costais Foirne		
Pá agus Tuarastail	99,817	96,113
Costais leasa shóisialaigh	8,159	7,725
Costais phinsin eile	5,732	5,013
	113,708	108,851
Obair innealtóireachta do chuideachtaí grúpa	(184)	(174)
Glanchoistais foirne	113,524	108,677
Luach Saothair na Stiúrthóirí		
Díolaíochtaí		
- do sheirbhísí mar stiúrthóirí	49	45
- do sheirbhísí eile	69	175
	118	220
Iomlán an Luach Saothair agus Díolaíochtaí na Stiúrthóirí	118	220
Párolla agus costais ghaolmhara	113,642	108,897
An Líon Foirne		
2005		
Lánaimseartha	2,211	2,189
Tiománaithe bus scoile páirtaimseartha	547	547
Iomlán	2,758	2,736
2005		
€000		
2004		
€000		
2 ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ		
Breoslaí agus bealadh	12,381	8,075
Conraitheoirí eile	80,096	71,115
Cáin Bhóthair agus ceadúnais	330	299
Oibriú cíosa léasa ar fheithicilí	838	2,128
Éilimh tríú páirtí agus dliteanais fostóra	11,071	12,500
Rátaí	759	713
Luach saothair iniúchóirí	50	37
Ábhair agus seirbhísí eile	32,716	31,846
	138,241	126,713

Nótaí do na Ráitis Airgeadais ar lean

	2005	2004
	€000	€000
3 DÍMHEAS AGUS CAILLTEANAS AR DHIÚSCAIRT SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE		
Dímheas na sócmhainní inlámhsithe seasta (nóta 4)	15,384	13,780
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní inlámhsithe seasta	344	212
Amúchadh Deontais (nóta 9)	(3,955)	(4,149)
	11,773	9,843

4 SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE SEASTA

	Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000	Gléasra agus Innealra €000	Iomlán €000
Costas			
Amhail an 1ú Eanáir, 2005	187,642	8,998	196,640
Breiseanna	12,466	2,103	14,569
Diúscairtí	(10,076)	(370)	(10,446)
Amhail an 31ú Nollaig, 2005	190,032	10,731	200,763
Dímheas			
Amhail an 1ú Eanáir, 2005	111,416	4,165	115,581
Muirear don bhliain	14,130	1,254	15,384
Diúscairtí	(9,753)	(322)	(10,075)
Amhail an 31ú Nollaig 2005	115,793	5,097	120,890
Glanmhéideanna leabhair			
Amhail an 31ú Nollaig, 2005	74,239	5,634	79,873
Amhail an 31ú Nollaig, 2004	76,226	4,833	81,059

(a) Seo a leanas an fad saoil ionchasach do na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críche dímheasa:

	Fad saoil (Blianta)
Feithiclí paisinéirí bóthair	8 - 14
Gléasra agus Innealra	5 - 10

(b) Rinneadh lándímheas ar fheithiclí paisinéirí bóthair ag costas €21,967,146 (2004 - €900,411) ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Áirítear ar na sócmhainní inlámhsithe seasta amhail an 31ú Nollaig, 2005 € 5,166,059 (2004 - €nialas) i leith sócmhainní inlámhsithe seasta nach bhfuil i mbun seirbhíse fós.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais ar lean

	2005	2004
	€000	€000
5 STOIC		
Ábhair chothabhála agus páirteanna spárála	3,376	3,225
Breosla, bealadh agus stoic éagsúla	1,070	1,185
	4,446	4,410

Áirítear ar na méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna ab éigean a choimeád chun freastal ar cheanglais oibríochta fadtréimhseacha. Níl luach athsholáthair na stoc difriúil go hábhartha óna luach de réir na leabhar.

6 FÉICHIÚNAITHE

Féichiúnaithe trádála	2,572	2,319
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	6,329	5,200
Méideanna dlite ag cuideachta shealbhaíochta (<i>nóta 13(b)</i>)	40,202	30,978
Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhráithe	3,505	5,283
	52,608	43,780

7 CREIDIÚNAITHE

(A) Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

Rótharraingt bainc	-	515
Creidiúnaithe trádála	12,216	11,000
Ioncam le cáin asbhainte faoi ÍMAT	1,256	1,253
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	1,173	1,112
Cáin bhreisluacha agus cánacha eile	724	43
Creidiúnaithe eile	1,595	1,740
Fabhruithe	7,642	8,317
Éilimh tríú páirtí agus dliteanais fostóra (<i>nóta 8</i>)	8,500	8,000
Ioncam iarchurtha (<i>nóta 9</i>)	4,962	4,850
Íasacht ón gcuideachta shealbhaíochta	500	500
	38,568	37,330

Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh

(B) Méideanna dlite tar éis bliana amháin

Íasacht ón gcuideachta shealbhaíochta	500	1,000
---------------------------------------	-----	-------

Nótaí do na Ráitis Airgeadais ar lean

	2005	2004
	€000	€000
8 FORÁLACHA DO DHLITEANAS AGUS MUIRIR		
Éilimh tríú páirtí & Éilimh Dliteanais Fóstóra		
Iarmhéid amháin an 1ú Eanáir	46,518	39,423
Úsáid i rith na bliana	(5,892)	(5,405)
Aistriú ón gcuntas brabúis agus cailteanais	11,071	12,500
Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31ú Nollaig, 2005	51,697	46,518
Cionroinnte:		
Dliteanais Reatha (nóta 7)	8,500	8,000
Méideanna dlite tar éis bliana	43,197	38,518
	51,697	46,518

Éilimh tríú páirtí agus Éilimh Dliteanais Fóstóra

Cuirtear aon chailteanais nach bhfuil clúdaithe ag árachas seachtrach chun dochar don chuntas brabúis agus cailteanais, agus cuirtear aon mhéideanna nach bhfuil socraithe san áireamh sna forálacha do dhliteanais agus muirir.

(A) Clúdach Árachais Seachtrach

Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

- (i) Dliteanas tríú páirtí os cionn €1,680,000 do bhusanna scoile agus €2,000,000 d'iompar bóthair eile ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gur US\$3,300,000 an t-uasmhéid.
- (ii) Dliteanas Oibrítheoirí Turais don Ghrúpa le slánaíocht €2,000,000 ar aon tharlú amháin agus sa chomhiomlán, faoi réir farasbairr €250,000.
- (iii) Dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €150,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as imeachtaí Riosca Éile, ach amháin;
 - (a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath, i gcás damáiste ó tuille, áit ar €1,000,000 neamhrangaithe an t-uasmhéid, agus
 - (b) aon dhamháiste eile ó thuile áit ar €250,000 an farasbarr.
- (iv) Dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €11,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2005 go dtí Márta 2006 faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe an Ghrúpa iomláin de €27,000,000.
- (v) Clúdach Dliteanais Poiblí Sceimhlitheoireachta don ghrúpa de €10,000,000 faoi réir farasbairr a bheidh iomchuí don chatagóir imeachta.
- (vi) Is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán Árachas Dliteanais Comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2005 go dtí Márta 2006 do Dhliteanais Tríú Páirtí agus Rioscaí Éile iompair ráille agus bóthair.
- (vii) Priacaíl Dóiteáin agus Speisialta, lena n-áirítear damáiste stoirme, do mhaoin an Ghrúpa sa bhreis ar €1,000,000 agus slánaíocht de €200,000,000 ar aon chailteanas amháin nó sraith cailteanas, le farasbarr bliantúil teoranta ag €5,000,000 sa chomhiomlán.
- (viii) Is €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farasbarr de €500,000 i ndáil le rothstoc ráille agus bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine eile, do gach uile cheann de na cailteanais.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais ar lean

8 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR (ar lean)

(B) Soláthar Éilimh Dlíteanaís Tríú Páirtí agus Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara

Foráiltear ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar i socrú éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbíonn an fhaisnéis chúí aici maidir lena taispeáint éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht i soláthar éileamh a bhunú, is dócha go gcruthóidh an toradh deiridh a bheith difriúil ón ndlíteanas bunaidh a bunaíodh.

Le linn costas measta na n-éileamh neamhíoctha a ríomh, baineann an chuideachta úsáid as teicnící meastacháin, a bhíonn bunaithe go ginearálta ar anailís staitisiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh costas na n-éileamh neamhshocraithe a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin, mar shampla, athruithe i bpróisis na cuideachta a d'fhéadfadh luathú nó moilliú a dhéanamh ar fhorbairt agus/nó taifeadadh na n-éileamh íoctha nó tabhaithe, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeacht bhoilscithe, athruithe i meascán gnó agus an tionchar a bheadh ag cailleanais mhóra.

Agus costas na n-éileamh fógraithe ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthoisc an éileamh faoi mar a tuairiscíodh, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis ar an gcostas a bhain le héilimh le tréithe comhchosúla a shocrú i dtréimhsí roimhe sin.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná meastachán an chostais a bhaineann le héilimh a shocrú a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa eolais faoi ócáid an éilimh. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch tuairiscithe níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán dá bhrí sin ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus toradh deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthair d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain ath-árachaithe sa chás gur féidir ghnóthachain den sórt sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn ath-árachú ar ghnóthachan i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á thabhairt ar fhógraíocht ó bhróicéirí na cuideachta faoi aon ath-árachóirí in athrith.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais ar lean

2005
€000

2004
€000

9 IONCAM IARCHURTHA

Tá an cuntas seo comhdhéanta de dheontais neamhinaisíochta ón AE agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna a ndéantar dímhéas ar na sócmhainní gaolmhara seasta (beartas cuntasáíochta E).

Deontais Chaipitil

Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir	26,103	27,268
Faighte agus Infhaighte	3,824	2,984
Aistriú chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais	(3,955)	(4,149)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh	25,972	26,103
Lúide aistriú chuig dliteanais reatha (nóta 7)	(4,962)	(4,850)
Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig	21,010	21,253

10 SCAIRCHAIPITEAL

Údaraithe

Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann	40,632	40,632
Leithroinnt, glaoite agus láníochta		
Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann	29,204	29,204

11 CÚLCHISTE ATHSHOLÁTHAIR SÓCMHAINNÍ

Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig	6,952	6,952
---------------------------------------	--------------	--------------

12 RÉITEACH GLUAISEACHTA I GCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ

Barrachas don bhliain	3,525	5,776
Cistí tosaigh sealbhóirí gnáthscaireanna	31,307	25,531
Cistí deiridh sealbhóirí gnáthscaireanna	34,832	31,307

Nótaí do na Ráitis Airgeadais ar lean

2005
€000

2004
€000

13 RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

(A) Réiteach easnamh oibríochta i leith an ghlan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta

Easnamh oibríochta roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	(22,366)	(18,916)
Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	25,200	23,999
	2,834	5,083
Dímheas agus cailteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe seasta	15,728	13,992
Deontais chaipitil amúchta	(3,955)	(4,149)
(Méadú) i stoic	(36)	(300)
Laghú/(Méadú) i bhféichiúnaithe	395	(543)
Méadú i gcreidiúnaithe	1,140	324
Méadú i soláthairtí do dhliteanais agus muirir	5,180	7,534
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtí oibríochta	21,286	21,941

(B) Anailís ar athrú i nglanchistí

	Amhail an 1ú Eanáir 2005 €000	Sreabhadh airgid €000	Amhail an 31 Nollaig 2005 €000
Rótharraingt bainc	(515)	515	0
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	159	1,021	1,180
Iasacht ó chuideachta sealbhaíochta	(1,500)	500	(1,000)
Méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta	30,978	9,224	40,202
	29,122	11,260	40,382

2005
€000

2004
€000

14 OIBLEAGÁIDÍ LÉASA OIBRÍOCHTA

Tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú is iníochta sa bhliain dar gcionn in éag mar seo a leanas:

Laistigh de bhliain amháin	11	-
Idir bliain amháin agus cúig bliana	148	212
	159	212

Nótaí do na Ráitis Airgeadais ar lean

15 PINSIN

Tá móramh d'fhostaithe na cuideachta rannpháirteach i scéimeanna sochair pinsin sainmhínithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a oibrítear d'fhostaithe incháilithe gach ceann de chuideachtaí CIÉ. Infheistítear ranníocaí ón gcuideachta agus ó na fostaithe i gcistí faoi riarachán iontaobhaithe.

Cuirtear ranníocaí chuig na scéimeanna chun dochar don chuntas brabúis agus cailteanais chun costas na bpinsean a scaipeadh de réir mar a thabhaítear iad i rith shaol oibre na bhfostaithe leis an ngrúpa mar chéatadán cobhsaí den phá ionchasach amach anseo. Cinneann achtúire neamhspleách na ranníocaí chuig an scéim ar bhunús athbhreithnithe bliantúla ag baint úsáide as modh aonaid theilgte.

Cé gur scéimeanna sochair an sainmhíniú a thugtar ar na scéimeanna níl ar chumas na cuideachta a scair de na sócmhainní bunúsacha agus de dhliteanas na scéimeanna a shainiú. Léirigh staid achtúrach na scéimeanna amhail an 31ú Nollaig, 2005 ag baint úsáide as boinn a éilítear le FRS 17 easnamh de €284.4 milliún. Tá na mionsonraí a éilíonn FRS 17 (Sochair Phinsin) i ndáil leis na scéimeanna i gcuntais Córas Iompair Éireann.

16 CEANGALTAIS CHAIPITIL

Ar chonradh do

Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar chonradh do

2005	2004
€000	€000
23,553	12,198
3,762	1,430
27,315	13,628

17 DLITEANAS THEAGMHASACHA

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh cailteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na forálacha atá déanta sna ráitis airgeadais.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais ar lean

18 GLANBHARRACHAS/EASNAMH DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

	SEIRBHÍSÍ POIBLÍ				
	Iompar scoile agus tráchtála	Iompar céimnitheach	Cathair	Fo-lomlán	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000
2005					
Ioncam	176,566	41,351	23,373	64,724	241,290
Costais	168,910	60,664	33,391	94,055	262,965
Barrachas/(easnamh) roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	7,656	(19,313)	(10,018)	(29,331)	(21,675)
Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí				25,200	25,200
Barrachas/(easnamh) don Bhliain	7,656			(4,131)	3,525
2004					
Barrachas/(easnamh)	8,795			(3,019)	5,776

Oibríonn an chuideachta gníomhaíochtaí seirbhíse tráchtála, iompair scoile agus poiblí. Is í an phríomhghníomhaíocht a oibrítear ar bhonn tráchtála ná an Luasbhealach. Oibrítear an Scéim Iompair Scoile faoi chonradh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar bhonn aisghabhála costais. Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile ná Iompar Céimnitheach agus Seirbhísí Cathrach, dá bhfaigheann an chuideachta íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí i leith na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin. Leithroinntear na costais do na Seirbhísí Luasbhealaigh, Iompar Stáitse agus Cathrach ar bhonn na méadar díortha ó chostais iarbhír na tréimhse roimhe sin, staidéar neamhspleách ar oibríochtaí Bhus Éireann, an líon busanna agus míleáiste.

19 PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbháochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil quantum na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (nochtadh páirtithe gaolmhara) maidir le hidirbheartaíochtaí idir an chuideachta sin, a fhochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais ar lean

20 ÍOCAÍOCHT OIBLEAGÁIDE SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ba €25,200,000 a bhí san Oibleagáid Seirbhíse Poiblí iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta sealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar críoch 31ú Nollaig, 2005 (2004 - €23,999,000).

21 COMHALTACHT GHRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is fo-chuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Éireann-Irish Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an ghrúpa.

22 CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 27ú Márta 2006.